# Gealltanais Feidhmíochta 2025 RTÉ

*Straitéis Treo Nua RTÉ 2025-2029 a chur i gcrích*

# Réamhrá

Ullmhaíonn RTÉ Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta ('gealltanais') gach bliain i gcomhréir lena chuspóirí, a straitéis (féach thíos).[1] Tugann RTÉ tuairisc ina Thuarascáil Bhliantúil gach bliain freisin maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh a ghealltanas. Faoi réir Alt 102(3) an Achta Craolacháin 2009, cuireadh gealltanais RTÉ don bhliain 2025 faoi bhráid Choimisiún na Meán i mí Feabhra 2025, agus is féidir iad a fháil san fhoilseachán seo ar RTÉ.ie.

Forbraíodh gealltanais 2025 RTÉ chun soiléireacht agus trédhearcacht a thabhairt ar phríomhchuspóirí straitéiseacha RTÉ do 2025, an chéad bhliain againn ag cur ár straitéise *Treo Nua* i bhfeidhm. Cé go bhfuiltear ag díriú ar 2025, leagtar síos inti an bonn chun straitéis níos fadtéarmaí a chur i gcrích. Rinneadh cuspóirí straitéiseacha RTÉ a athailíniú leis an leibhéal maoinithe phoiblí atá ar fáil do 2025, agus chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn ar na spriocanna go léir, cé go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na hamlínte. Tá iarracht déanta ag Foireann Ceannaireachta RTÉ cothromaíocht a bhaint amach idir ábhar atá dírithe láithreach ar an lucht féachana agus éisteachta agus cuspóirí digiteacha, agus an obair is gá a dhéanamh sa mheántéarma chun infreastruchtúr agus teicneolaíocht RTÉ a athrú ó bhonn chun a chinntiú go mbeimid in ann freastal ar an lucht féachana agus éisteachta sin amach anseo.

**Athruithe ar mhéadracht ghealltanais RTÉ in 2025**

Tá sraith de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) sínte uaillmhianacha forbartha againn a úsáidfimid chun measúnú a dhéanamh ar chomh maith agus atá ár straitéis á cur i bhfeidhm againn. Tagann ár méadracht 2025 sa bhreis ar thacar idirthréimhseach 2024, a ndearnadh athstruchtúrú orthu chun ailíniú le cúig sprioc straitéiseacha RTÉ. Cuireadh roinnt méadrachtaí nua leis chun iad a ailíniú tuilleadh lenár spriocanna, agus mar fhreagairt ar aiseolas ar mhéadracht 2024 a chuir Coimisiún na Meán ar fáil.

**Tosaíochtaí straitéiseacha**

Rinneadh tosaíochtaí straitéiseacha RTÉ a athailíniú leis an leibhéal maoinithe phoiblí atá ar fáil do 2025, agus chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn ar na spriocanna go léir, cé go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na hamlínte. Tá iarracht déanta ag Foireann Ceannaireachta RTÉ cothromaíocht a bhaint amach idir ábhar atá dírithe láithreach ar an lucht féachana agus éisteachta agus cuspóirí digiteacha, agus an obair is gá a dhéanamh sa mheántéarma chun infreastruchtúr agus teicneolaíocht RTÉ a athrú ó bhonn chun a chinntiú go mbeimid in ann freastal ar an lucht féachana agus éisteachta sin amach anseo.

[1] Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ

# Tá Gealltanais 2025 struchtúrtha faoi chúig sprioc a chuirtear i gcrích trí raon tionscnamh

**Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu**

I. Straitéis nua maidir le hábhar físe lena dtugtar aghaidh ar roghanna sruthaithe an lucht féachana agus éisteachta
II. Straitéis nua ábhair fuaime ina gcuirtear scéalta agus guthanna nua os comhair an phobail
III. Nuacht agus cúrsaí reatha neamhspleácha feabhsaithe don lucht éisteachta agus féachana a bhíonn ag faire ar ábhar digiteach
IV. Sceideal níos leithne de thaibhithe cultúir agus d'imeachtaí poiblí beo

**Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil**

I. Táirgí digiteacha ar ardchaighdeán lena gcuirtear eispéireas feabhsaithe pearsantaithe ar fáil
II. An RTÉ Player a fhorbairt mar cheann scríbe iomaíoch chun ábhar físe a shruthú
III. Bealaí nua a sheoladh chun éisteacht le hAipeanna Fuaime agus Nuachta RTÉ agus a bheith ar an eolas fúthu
IV. Teacht a bheith ag an lucht féachana agus éisteachta ar Chartlanna méadaithe agus digitithe RTÉ

**Sprioc 3: Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann**

I. Coimisiúnú méadaithe chun cur le héagsúlacht ábhair agus tionscnaimh
II. Infheistíocht i saoráid léiriúcháin nua i gCorcaigh
III. Athchothromú fostaíochta ó Bhaile Átha Cliath go dtí líonra d'ionaid RTÉ.

**Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú**

I. Tuairisciú agus feidhmíocht thrédhearcach laistigh de shamhail airgeadais inbhuanaithe
II. Costais oibriúcháin a rialú agus a laghdú agus dlús a chur le héifeachtúlachtaí
III. Rath tráchtála le béim ar ioncam tráchtála digiteach atá ag dul i méid
IV. An plean caipitil a fhorbairt le haghaidh saoráidí agus bonneagar Dhomhnach Broc

**Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt**

I. Fórsa saothair athoilte, níos lú agus níos sofhreagrúla
II. Timpeallacht dhearfach oibre a chothú
III. Dea-chleachtas maidir leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú a leabú
IV. Feidhmiú de réir an chreata rialachais is fearr dá bhfuil ann

# Méadracht Ghealltanais Feidhmíochta 2025

| Spriocbheart | Sprioc |
|---|---|
| **Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu** | |
| a) Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a fhás | 72% |
| b) An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a fhás | 72% |
| c) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ siamsúil a fhás | 65% |
| d) An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a fhás | 64% |
| e) 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le ceanglais Alt 120 den Acht | Dualgas a chomhlíonadh |
| f) Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar am caite le RTÉ | Tuairisciú |
| **Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil** | |
| a) Lucht spéise seachtainiúil le haghaidh seirbhísí uile RTÉ (18+) | 90% |
| a) Lucht spéise seachtainiúil le haghaidh seirbhísí uile RTÉ (18-44) | 80% |
| c) Dearcadh an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí ardchaighdeáin ag RTÉ a fhás | 64% |
| d) Cuairteanna ar phunann táirgí digiteacha RTÉ | 750M |
| e) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláir agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna a fhás | 70% |
| **Sprioc 3: Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann** | |
| a) Caiteachas ar earnáil na léiriúchán neamhspleách a mhéadú | €48.1 M |
| b) An mhéadracht a fhorbairt le haghaidh ar fud na hÉireann | Forbairt |
| c) Tuairisciú ar mhná agus ar ghuthanna mná ar an aer | Tuairisciú |
| **Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú** | |
| a) Buiséad bliantúil an Ghlaneasnaimh Barrachais a bhaint amach | An toradh aontaithe a bhaint amach |
| b) Punann seirbhísí a sholáthar laistigh de OP/EX buiséadaithe | Na costais oibriúcháin a bhaint amach agus seirbhísí sonraithe a chur i gcrích |
| c) Ioncam tráchtála a ghiniúint chun an toradh is fearr is féidir a fháil ar an tseirbhís phoiblí | Spriocioncam tráchtála an Ghrúpa a bhaint amach |
| d) Méadracht a fhorbairt chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus scileanna digiteacha | Forbairt |
| e) Costais oibriúcháin a bhaineann le pearsanra (PROC) mar % de OP/EX | An sprioc maidir le PROC a bhaint amach |
| **Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt** | |
| a) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar do shochaí na hÉireann a fhás | 77% |
| b) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar domsa go pearsanta a fhás | 63% |
| c) Cur le dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa: *thar shaol na straitéise go 65%* | 55% |
| d) Méadracht/méadrachtaí nua a fhorbairt chun dul chun cinn sprioc 5 a rianú | Forbairt |